2025/1960

2.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1960 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meán Fómhair 2025

maidir le dearadh agus ábhar an fhógra chomhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht agus maidir leis an lipéad comhchuibhithe le haghaidh na ráthaíochta tráchtála um marthanacht

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go hairithe Airteagail 22a(2) agus (4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag Treoir 2011/83/AE, arna leasú le Treoir (AE) 2024/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), i measc nithe eile, tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta ionas go ndéanfaidh siad cinntí ceannaigh níos inbhuanaithe, agus an t-éileamh ar earraí níos marthanaí agus soláthar na n-earraí sin a spreagadh. Chuige sin, bunaítear le Treoir 2011/83/AE fógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht agus lipéad comhchuibhithe le haghaidh na ráthaíochta tráchtála um marthanacht, rud a chuireann ar a gcumas do thomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh.

(2) Maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht agus an ráthaíocht tráchtála um marthanacht, cé gur dhá chineál ráthaíochta neamhspleácha iad, tá an fógra comhchuibhithe agus an lipéad comhchuibhithe deartha chun bheith ina gcomhlánú ar a chéile agus cuimsítear iontu crostagairtí lena gcuirtear i dtábhacht na difríochtaí idir an dá chineál ráthaíochta. Is fógra éigeantach é an fógra comhchuibhithe ag an díolphointe, arb é is aidhm dó feasacht tomhaltóirí a ardú maidir lena gcearta ráthaíochta dlíthiúla. I gcodarsnacht leis sin, is éard atá sa lipéad comhchuibhithe, ráthaíocht tráchtála dheonach um marthanacht a thairgeann táirgeoirí ar mian leo marthanacht a n-earraí a áirithiú do thomhaltóirí.

(3) Le hAirteagal 5(1), pointe (e), agus Airteagal 6(1), pointe (l), de Threoir 2011/83/AE, ceanglaítear ar thrádálaithe meabhrúchán a sholáthar do thomhaltóirí, sula mbeidh siad faoi cheangal ag conradh nó ag aon tairiscint chomhfhreagrach, gurb ann don ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht le haghaidh earraí. Ní mór príomhghnéithe na ráthaíochta a bheith sa mheabhrúchán sin, lena n-áirítear fad íosta 2 bhliain na ráthaíochta agus tagairt ghinearálta don fhéidearthacht go bhféadfadh fad na ráthaíochta dlíthiúla um chomhréireacht a bheith níos faide ná sin faoin dlí náisiúnta. Ní mór an fhaisnéis sin a chur ar fáil don tomhaltóir ar bhealach feiceálach, trí úsáid a bhaint as an bhfógra comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) agus (3) de Threoir 2011/83/AE.

(4) Chun cabhrú le tomhaltóirí tuiscint níos fearr a fháil ar a gcearta maidir le príomhghnéithe na ráthaíochta dlíthiúla um chomhréireacht, ba cheart a mheabhrú dóibh leis an bhfógra comhchuibhithe cásanna coiteanna inar féidir leo na cearta sin a agairt.

([1]) IO L 304, 22.11.2011, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/83/oj.

([2]) Treoir (AE) 2024/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Treoracha 2005/29/CE agus 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr (IO L, 2024/825, 6.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/825/oj).

(5) Leis an bhfógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht, ba cheart na leigheasanna atá ar fáil do thomhaltóirí a chur i gcuimhne dóibh mura bhfuil na hearraí comhréireach, agus ba cheart a mhíniú ann go bhfuil díoltóirí faoi dhliteanas na leigheasanna sin a sholáthar faoi choinníollacha áirithe. Ba cheart tagairt ghinearálta a bheith san fhógra freisin don fhéidearthacht go bhféadfadh fad na ráthaíochta dlíthiúla um chomhréireacht a bheith níos faide faoin dlí náisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis phraiticiúil a bheith san fhógra maidir leis na céimeanna is féidir le tomhaltóirí a thabhairt i gcásanna ina bhfuair siad earraí neamh-chomhréireacha agus ba cheart a léiriú ann cá bhfaighidh siad faisnéis bhreise.

(6) Chun a áirithiú go dtuigfidh tomhaltóirí go hiomlán an difríocht idir an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht agus ráthaíochtaí tráchtála, ba cheart a léiriú freisin san fhógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht go bhféadfaidh díoltóirí agus táirgeoirí ráthaíochtaí tráchtála a thairiscint freisin, lena n-áirítear ráthaíocht tráchtála um marthanacht.

(7) Dea-tháscaire ar mharthanacht earra is ea an ráthaíocht tráchtála um marthanacht arna soláthar ag táirgeoir de bhun Airteagal 17 de Threoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Is éard is ráthaíocht tráchtála um marthanacht ann gealltanas ón táirgeoir don tomhaltóir go gcoinneoidh an t-earra a fheidhmeanna agus a fheidhmíocht is gá ar bun trí ghnáthúsáid le linn tréimhse áirithe.

(8) I gcás ina dtairgeann táirgeoir ráthaíocht tráchtála um marthanacht gan aon chostas breise le haghaidh earra ar leith, lena gcumhdaítear an t-earra iomlán agus ar faide ná 2 bhliain a ré, agus ina gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil don trádálaí, ceanglaítear le hAirteagal 5(1), pointe (ea), agus Airteagal 6(1), pointe (la), de Threoir 2011/83/AE ar an trádálaí a dhíolann an t-earra tomhaltóirí a chur ar an eolas gur ann don ráthaíocht tráchtála sin agus fad na ráthaíochta sin, agus é á mheabhrú do thomhaltóirí ag an am céanna go dtairbhíonn siad den ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht freisin. Ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach feiceálach, trí úsáid a bhaint as an lipéad comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) de Threoir 2011/83/AE.

(9) Ceanglaítear le hAirteagal 22a(5) de Threoir 2011/83/AE go mbeidh an fógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht agus an lipéad comhchuibhithe le haghaidh na ráthaíochta tráchtála um marthanacht so-aitheanta agus sothuigthe do thomhaltóirí, agus go mbeidh sé éasca le húsáid agus le hatáirgeadh do thrádálaithe freisin. Chuige sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha páirtithe leasmhara agus rinne sé tástáil allamuigh le grúpaí ionadaíocha tomhaltóirí, rud a chuir ionchur ar fáil do dhearadh deiridh agus d'ábhar an fhógra chomhchuibhithe agus an lipéid chomhchuibhithe.

(10) San fhógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht agus an lipéad comhchuibhithe le haghaidh na ráthaíochta tráchtála um marthanacht, ba cheart cód QR a bheith ann lena dtreoraítear tomhaltóirí chuig faisnéis úsáideach bhreise ar an tairseach An Eoraip Agatsa, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(11) Leis an gcód QR san fhógra comhchuibhithe, ba cheart tomhaltóirí a threorú chuig faisnéis níos mionsonraithe maidir lena gcearta faoi dhlí an Aontais dá bhforáiltear leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht, mar a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/771. Ós rud é go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta tírshonracha faoin ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht, ba cheart rochtain a sholáthar leis an gcód QR ar thairseacha na mBallstát ina bhfuil faisnéis níos mionsonraithe le fáil.

(12) I bhfianaise an spáis theoranta atá ar fáil ar an lipéad comhchuibhithe le haghaidh ráthaíocht tráchtála um marthanacht, ba cheart, leis an gcód QR ar an lipéad, tomhaltóirí a threorú chuig faisnéis níos mionsonraithe. Ba cheart a mhíniú leis sin gurb é atá sa lipéad comhchuibhithe, ráthaíocht tráchtála um marthanacht a thairgeann an táirgeoir le haghaidh earra ar leith, gan aon chostas breise don tomhaltóir, agus go gcumhdaítear leis an earra ina iomláine, ní hamháin comhpháirt de, ar feadh tréimhse níos faide ná 2 bhliain.

([3]) Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/771/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj).

(13) Chun a áirithiú gur féidir le trádálaithe an fógra comhchuibhithe agus an lipéad comhchuibhithe a úsáid agus a atáirgeadh go héasca, féadfaidh siad a bheith daite nó dubh agus bán nuair a chuirtear i láthair iad mar fhaisnéis réamhchonarthach i gcomhthéacs conarthaí, seachas cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne.

(14) Idir an dá linn, i gcás ina mbeidh an conradh le tabhairt i gcrích trí chomhéadan ar líne, ba cheart an fógra agus an lipéad araon a bheith daite. I gcás cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, féadfar an lipéad a thaispeáint i bhformáid neadaithe.

(15) Tá dearadh atá neodrach ó thaobh teanga de ar an lipéad comhchuibhithe, mar aon le haistriúcháin, rud a fhágann gur féidir le trádálaithe agus táirgeoirí ar fud an Aontais é a úsáid agus a atáirgeadh go héasca. Ar an lipéad, tá an teideal 'GARAN', a thagraíonn do 'ráthaíocht' i roinnt teangacha de chuid an Aontais; siombail tic lena gcuirtear in iúl go bhfuil marthanacht an earra ráthaithe; siombail féilire lena léirítear fad na ráthaíochta tráchtála um marthanachta a thairgtear; meabhrúchán amhairc a chuireann in iúl gur ann don ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht; agus cód QR lena dtugtar rochtain ar fhaisnéis bhreise. Chun tuiscint tomhaltóirí a éascú, ba cheart an frása 'ráthaíocht táirgeora de réir blianta' a bheith ag bun an lipéid chomhchuibhithe, agus ba cheart é sin a bheith i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar an lipéad comhchuibhithe le haghaidh na ráthaíochta tráchtála um marthanacht más gá, de réir ghlacadh an lipéid amach anseo, na caoi a dtuigeann tomhaltóirí é agus cur chun feidhme ionstraimí eile de chuid an Aontais.

(16) Ós rud é go gceanglaítear ar na Ballstáit na bearta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2024/825 a chur i bhfeidhm ón 27 Meán Fómhair 2026, ba cheart an Rialachán seo a bheith infheidhme freisin ón dáta céanna.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste i ndáil leis an Treoir maidir le Tomhaltóirí a Chumhachtú le haghaidh an Aistrithe Ghlais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Fógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht

Comhlíonfaidh an fógra comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) de Threoir 2011/83/AE an dearadh agus an t-ábhar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Lipéad comhchuibhithe le haghaidh ráthaíochtaí tráchtála um marthanacht

Comhlíonfaidh an lipéad comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) de Threoir 2011/83/AE an dearadh agus an t-ábhar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 27 Meán Fómhair 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

FÓGRA COMHCHUIBHITHE MAIDIR LEIS AN RÁTHAÍOCHT DHLÍTHÚIL UM CHOMHRÉIREACHT

Is mar seo a leanas a bheidh dearadh agus ábhar an fhógra chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 1:



RÁTHAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

Ráthaíocht dhlíthiúil dhá bhliain ar a laghad le haghaidh earraí a dhíoltar san Aontas Eorpach.

Is féidir le tomhaltóirí a gcearta a éileamh faoin ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht, sna cásanna seo a leanas, mar shampla:

- níl na hearraí ag teacht leis an gcur síos;
- níl na hearraí ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.

Tá díoltóirí faoi dhliteanas i leith aon easpa comhréireachta a bhí ann nuair a seachadadh na hearraí, agus a thagann chun solais laistigh de thréimhse na ráthaíochta dlíthiúla. Ceanglaítear ar dhíoltóirí i gcás den sórt sin an méid seo a leanas a thairiscint:

- **deisiúchán saor in aisce** nó **athsholáthar saor in aisce**;
- i gcásanna áirithe, **laghdú ar an bpraghas** nó **aisíocaíocht iomlán**.

Tá tréimhse ráthaíochta dlíthiúla níos faide ag roinnt tíortha. I gcás earraí athláimhe, féadfaidh feidhm a bheith ag tréimhse níos giorra, ach tréimhse nach lú ná bliain amháin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi do chearta i dtír ar leith, scan an cód QR thíos nó iarr eolas ar an díoltóir.

europa.eu/youreurope/ráthaíochtaí

Cad é a dhéanfaidh tú
má fhaigheann tú earraí neamh-chomhréireacha:

1. Déan teagmháil leis an díoltóir a luaithe is féidir chun an fhadhb a thuairisciú;
2. Tabhair cruthúnas ar cheannach, amhail admháil, sonrasc, nó ráiteas bainc.

GARAN

Féadfaidh díoltóirí agus táirgeoirí ráthaíochtaí tráchtála a thairiscint freisin, a bhfuil feidhm acu go neamhspleách ar an ráthaíocht dhlíthiúil. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go bhfeicfeá an lipéad seo GARAN a léiríonn **ráthaíocht tráchtála i leith marthanachta** a thairgeann an táirgeoir gan aon chostas breise agus a chumhdaíonn an t-earra ar fad.

Nótaí:

(1) Ní féidir aon cheann de ghnéithe an fhógra chomhchuibhithe a chur in eagar.

(2) Is iad seo a leanas dathanna tagartha an fhógra:

a. Gorm: Pantone Reflex Blue C, CMYK: C:100 % M:80 % Y:0 % K:0 %, RGB: R:0 % G:51 % B:153 % HEX: #003399

b. Buí: Pantone Yellow C, CMYK: C:0 % M:0 % Y:100 % K:0 %, RGB: R:255 % G:237 % B:0 %, HEX: #FFEDOO

c. Dubh: Pantone Black 6 C, CMYK: Black, RGB: R:0 % G:0 % B:0 %, HEX: #000000

d. Bán: Pantone 000C, CMYK: White, RGB: R:255 % G:255 % B:255 %, HEX: #FFFFFF

(3) Tugann an cód QR rochtain ar an rannán teanga tiomnaithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht ar an tairseach An Eoraip Agatsa. Beidh an cód QR inscanta faoi ghnáthdhálaí soilsithe trí ghléas móibíleach caighdeánach a úsáid.

(4) I gcás conarthaí, seachas cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, beidh an fógra comhchuibhithe daite (CMYK) nó dubh agus bán. Is é A4 íosmhéid an fhógra chomhchuibhithe, ach féadfar é a phriontáil i bhformáidí níos mó (A3, A2, A1).

(5) I gcás cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, beidh an fógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht daite (RGB).

IARSCRÍBHINN II

LIPÉAD COMHCHUIBHITHE LE hAGHAIDH RÁTHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA UM MARTHANACHT

Is mar seo a leanas a bheidh dearadh agus ábhar an lipéid chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 2:





Nótaí:



(1) Ní féidir na heilimintí seo a leanas a chur in eagar:

(I) teideal an lipéid;

(II) an meabhrúchán amhairc a chuireann in iúl gur ann don ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht;

(III) an cód QR a thugann rochtain ar an tairseach ‘An Eoraip Agatsa’ seo a leanas https://europa.eu/youreurope/commercial-guarantee-durability/index.htm;

(IV) an tsiombail féilire lena léirítear ‘blianta’;

(V) an t-aistriúchán ar ‘ráthaíocht an táirgeorade réir blianta’ i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

Is féidir na heilimintí seo a leanas a chur in eagar:

(VI) cuirfear fad comhfhreagrach na ráthaíochta tráchtála um marthanacht arna tairiscint ag an táirgeoir in ionad na litreacha ‘XX’ i mblianta;

(VII) cuirfear ainm an táirgeora a thairgeann an ráthaíocht tráchtála um marthanacht in ionad na bhfocal ‘Branda/Trádmharc’;

(VIII) cuirfear an t-aitheantóir múnla a bhfuil an ráthaíocht tráchtála um marthanacht á tairiscint ag an táirgeoir dó in ionad na bhfocal ‘Aitheantóir múnla’.

(2) Is iad seo a leanas na dathanna tagartha:

(a) Gorm: Pantone Reflex Blue C, CMYK: C:100 %, M:80 %, Y:0 %, K:0 %, RGB: R:0 %, G:51 %, B:153 %, HEX: #003399;

(b) Buí: Pantone Yellow C, CMYK: C:0 %, M:0 %, Y:100 %, K:0 %, RGB: R:255 %, G:237 %, B:0 %, HEX: #FFEDOO;

(c) Dubh: Pantone Black 6 C, CMYK: Black, RGB: R:0 %, G:0 %, B:0 %, HEX: #000000;

(d) Bán: Pantone 000C, CMYK: White, RGB: R:255 %, G:255 %, B:255 %, HEX: #FFFFFF.

(3) I gcás conarthaí, seachas cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, is é 95 x 100 mm íosmhéid an lipéid. I gcomhréir le híosmhéid an lipéid, is é 7 pt méid an chló le haghaidh na n-aistriúchán, is é 9 pt méid an chló le haghaidh 'Branda/Trádmharc' agus 'Aitheantóir múnla' agus is é 80 pt méid an chló le haghaidh 'XX', a chuireann an tréimhse i mblianta in iúl. Nuair a thaispeántar an lipéad ar mhéid níos mó, ní mór an lipéad iomlán a thaispeáint gan a eilimintí comhpháirte a shaobhadh, a mhodhnú ná a dheighilt.

(4) I gcás conarthaí, seachas cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, beidh an lipéad comhchuibhithe daite nó dubh agus bán.

(5) I gcás cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, beidh an lipéad comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht tráchtála um marthanacht daite.

(6) Is é Inter (Regular, semibold, agus extrabold) a bheidh sa chló, lena n-áirítear le haghaidh na réimsí ineagarthóireachta ar an lipéad.

(7) Beidh an cód QR inscanta faoi ghnáthdhálaí soilsithe trí ghléas móibíleach caighdeánach a úsáid.

I gcás cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí chomhéadan ar líne, féadfaidh an lipéad comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht tráchtála um marthanacht a thaispeáint trí thaispeáint neadaithe, mar atá san íomhá thíos:



Nótaí:

(1) Cuirfear fad comhfhreagrach na ráthaíochta tráchtála um marthanacht arna tairiscint ag an táirgeoir in ionad na litreacha 'XX' i mblianta.

(2) Má úsáidtear taispeáint neadaithe, beidh an lipéad comhchuibhithe le feiceáil ina iomláine ar an gcéad chliceáil luiche, ar tar-rolladh na luiche nó ar leathnú an scáileáin thadhlaigh.